



Earcaíocht

Rialálaí neamhspleách ar an margadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn is ea an tÚdarás Árachas Sláinte (“an tÚdarás”). Bunaíodh é faoin Acht Árachais Sláinte, 1994, arna leasú, an 1 Feabhra 2001. Tá ról lárnach neamhspleách le himirt ag an Údarás i bhfeidhmiú an mhargaidh árachas sláinte príobháideach in Éirinn.

Ba mhaith leis an Údarás beirt bhall foirne nua a earcú mar seo a leanas:

Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha

Ba mhaith leis an Údarás Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha a earcú ag grád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin. Áireofar iad seo a leanas leis na dualgais a bheidh i gceist:

- Gníomhú mar Rúnaí do Bhaill an Údaráis;
- Na riachtanais rialachais chorparáidigh, riaracháin agus acmhainní daonna a bhainistiú don Údarás;
- Bainistiú a dhéanamh ar na nithe go léir a bhaineann le cóiríocht agus le trealamh (TFC san áireamh);
- Pleananna bliantúla gnó, beartais agus tuarascálacha a ullmhú; agus
- Ionadaíocht a dhéanamh don Údarás le páirtithe seachtracha.

Teastaíonn na scileanna agus an taithí seo a leanas ar chaighdeán gairmiúil cúí:

- Cáilíocht tríú leibhéal ag leibhéal 7 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus taithí 3 bliana ar a laghad i réimse an ghnó/na bainistíochta/an riaracháin phoiblí;
- Sárscileanna bainistíochta agus eagrúcháin;
- An cumas chun obair ar a t(h)ionscnamh féin;
- Sárscileanna cumarsáide ceannaireachta agus scríofa tuarascála; agus
- Cumas chun a bheith ina f(h)éintionscnóir atá in ann obair go maith faoi bhrú agus de réir spriocdhátaí reachtúla dochta agus atá in ann oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Tuarastal: Tá an luach saothair ar ghrád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin ar scála a thosaíonn ag €48,028 sa bhliain agus a ardaíonn go €56,441 sa bhliain.

Oifigeach Cléireachais

Ba mhaith leis an Údarás Oifigeach Cléireachais a earcú chuig a Rannóg Gnóthaí Corparáideacha ag grád an Oifigigh Chléireachais. Áireofar iad seo a leanas leis na dualgais a bheidh i gceist:

- Dualgais fáiltithe;
- Dualgais riaracháin oifige ghinearálta;
- Tacú leis an bhfeidhm faisnéise do thomhaltóirí atá ar bun ag an Údarás; agus
- Aon dualgais eile a shannfar i gcomhréir le riachtanais an Údaráis.

Teastaíonn na scileanna agus an taithí seo a leanas ar chaighdeán gairmiúil cúí:

- Grád D3 ar a laghad a bheith faighte i gcúig ábhar i Scrúdú na hArdeistiméireachta nó a chomhionann;
- Scileanna láidre eagrúcháin, cumarsáide agus idirphearsanta;
- Scileanna láidre i Microsoft Office a úsáid; agus
- Tuiscint shoiléir ar riachtanais riaracháin na hoifige nua-aimseartha.

Tuarastal: Tá an luach saothair ar ghrád an Oifigigh Chléireachais ar scála a thosaíonn ag €23,338 sa bhliain agus a ardaíonn go €37,204 sa bhliain.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin Údarás Árachas Sláinte agus faoin dá ról a fháil ag www.hia.ie

Chun iarratas a dhéanamh, cuir do CV agus litir chumhdaigh, á lua go soiléir inti cén folúntas ar mian leat iarratas a dhéanamh air, chuig an seoladh seo a leanas:

An Príomhfheidhmeannach/Cláraritheoir, An tÚdarás Árachas Sláinte, Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6, D06 E7F6. Mar mhalairt air sin, cuir ríomhphost chuig info@hia.ie

Ba cheart iarratais a bheith faighte againn tráth nach déanaí ná 12pm meán lae Dé Luain an 22 Deireadh Fómhair 2018.

Is fostóir comhdheiseanna é an tÚdarás Árachas Sláinte.